



PREASEISIÚINT Uimh. 26/24

Lucsamburg, 8 Feabhra 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-216/22 | Bundesrepublik Deutschland (Do-ghlacthacht iarratas iardain)

Féadfaidh breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais a bheith ina imthoisc nua lena dtugtar bonn cirt le substaint an iarratais ar thearmann a scrúdú

Tugann breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais lena gcuirtear go mór leis an dóchúlacht go gcáileoidh iarrthóir tearmainn do stádas dídeanaí nó do chosaint choimhdeach bonn cirt lena iarratas iardain a scrúdú ar na tuillteanais agus ní féidir diúltú dó mar iarratas do-ghlactha. Féadfaidh na Ballstáit cumhacht a thabhairt dá gcúirteanna, agus cinneadh á neamhniú acu lena ndiúltaítear don iarratas iardain toisc é a bheith do-ghlactha, cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas sin iad féin agus, i gcás inarb iomchuí, é a dheonú.

Tugadh cosaint choimhdeach ¹ sa Ghearmáin in 2017 do Siriach a d'fhág a thír in 2012 agus a raibh eagla air go ndéanfaí é a ath-shlógadh le haghaidh seirbhís mhíleata nó go ngabhadh é dá ndiúltódh sé a dhualgais mhíleata a chomhlíonadh. Ar an taobh eile, diúltaíodh stádas dídeanaí ² dó.

Tar éis breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le staid na ndiúltóirí coinsiasacha Siriacha ³, thaisc sé iarratas ar thearmann arís ('iarratas iardain'). Mhaígh sé gurb ionann an breithiúnas sin agus athrú ar an seasamh dlíthiúil a raibh fabhrach leis. Diúltaíodh don iarratas iardain, áfach, toisc é a bheith do-ghlactha, is é sin le rá gan scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a theastaíonn chun stádas dídeanaí a éileamh.

Rinne an duine lena mbaineann agóid i gcoinne an diúltaithe sin os comhair chúirt na Gearmáine. D'iarr an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais, *inter alia*, an bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais ⁴ a mheas, i bprionsabal, nach féidir ach modhnú ar na forálacha is infheidhme, seachas cinneadh breithiúnach, a bheith ina **imthoisc nua** lena dtugtar údar, i gcás inarb iomchuí, le scrúdú iomlán a dhéanamh ar an iarratas iardain.

Freagraíonn an Chúirt, go bhféadfadh, i bprionsabal, **aon bhreithiúnas ón gCúirt a bheith ina imthoisc nua lena dtugtar údar le scrúdú iomlán nua má chomhlíontar na coinníollacha chun stádas dídeanaí ⁵ a éileamh.**

Baineann an méid seo freisin le breithiúnas atá teoranta do léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais a bhí i bhfeidhm cheana tráth ar glacadh cinneadh maidir le hiarratas roimhe sin. Níl aon tábhacht a bhaineann leis an dáta a tugadh an breithiúnas. **Mar sin féin, chun go mbeidh breithiúnas ón gCúirt ina imthoisc nua lena dtugtar údar le scrúdú iomlán nua, ní mór dó cur go mór leis an dóchúlacht go gcáileoidh an t-iarratasóir mar dhídeanaí ⁶.**

Maidir leis an gcuid eile de na himeachtaí i gcás ina gcuireann cúirt náisiúnta cinneadh lena ndiúltaítear d'iarratas iardain ar neamhniú toisc é a bheith do-ghlactha, dearbhaíonn an Chúirt freisin **go bhféadfaidh na Ballstáit, gan oibleagáid a bheith orthu é seo a dhéanamh, cumhacht a thabhairt dá gcúirteanna cinneadh a dhéanamh iad féin ⁷ maidir leis an iarratas sin agus, i gcás inarb iomchuí, stádas dídeanaí a dheonú ⁸.**

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na hAontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an

bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Cuirtear cosaint choimhdeach ar fáil do náisiúnach tríú tír nach gcáilíonn mar dhídeanaí ach ar taispeánadh ina leith go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh fíorbhaol ann, dá bhfillfeadh an duine sin ar a thír thionscnaimh, go bhfulaingeodh sé díobháil tromchúiseach lena n-áirítear, *inter alia*, bású agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

² Deonaítear stádas dídeanaí i gcásanna géarleanúna ar aon náisiúnach tríú tír ar bhonn cine, creidimh, náisiúntachta, tuairimí polaitiúla nó ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe.

³ Breithiúnas na Cúirte an 19 Samhain 2020, *Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (Seirbhís mhíleata agus tearmainn)*, [C-238/19](#) (féach freisin an phreaseisiúint [Uimh. 142/20](#)).

⁴ [Treoir 2013/32/AE](#) an 26 Meitheamh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar.

⁵ Nó tairbhe a bhaint as cosaint choimhdeach.

⁶ Nó tairbhe a bhaint as cosaint choimhdeach.

⁷ I gcás den sórt sin, ní mór do na cúirteanna sin na ráthaíochtaí bunúsacha a bhaineann le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a urramú.

⁸ Nó, de réir mar a bheidh, an chosaint choimhdeach.